



AN COIMISIÚN  
EORPACH

An Bhruiséil, 9.9.2024  
COM(2024) 395 final

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS  
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**de bhun Airteagal 278(a) de Chód Custaim an Aontais, maidir le dul chun cinn i  
bhforbairt na gcóras leictreonach dá bhforáiltear faoin gCód le linn 2023**

{SWD(2024) 214 final}

## Clár na nÁbhar

|                                                                                                          |           |
|----------------------------------------------------------------------------------------------------------|-----------|
| <b>1. RÉAMHRÁ.....</b>                                                                                   | <b>2</b>  |
| <b>2. INNEACHAR NA TUARASCÁLA.....</b>                                                                   | <b>2</b>  |
| <b>3. MODHEOLAÍOCHT TIONSCADAIL DO CHÓRAIS LEICTREONACHA CHÓD CUSTAIM AN AONTAIS .....</b>               | <b>3</b>  |
| <b>4. FORLÉARGAS DOMHANDA AR DHUL CHUN CINN LE CÓRAIS LEICTREONACHA CHÓD CUSTAIM AN AONTAIS .....</b>    | <b>4</b>  |
| <b>4.1 Tionscadail a cuireadh i gcrích roimh 2023 .....</b>                                              | <b>4</b>  |
| <b>4.2 Tionscadail atá ar siúl .....</b>                                                                 | <b>5</b>  |
| <b>4.2.1 Tionscadail thras-Eorpacha .....</b>                                                            | <b>5</b>  |
| <b>4.2.2 Tionscadail náisiúnta.....</b>                                                                  | <b>9</b>  |
| <b>4.3 Rioscaí maidir le moilleanna ar chur chun feidhme TF Chód Custaim an Aontais .....</b>            | <b>11</b> |
| <b>4.4 Bearta maolaithe.....</b>                                                                         | <b>14</b> |
| <b>4.5 Staid na himeartha maidir le tíortha is iarrthóirí nó tíortha is iarrthóirí ionchasacha .....</b> | <b>16</b> |
| <b>5. ACHOIMRE AR BHAINISTÍOCHT AGUS CONCLÚIDÍ .....</b>                                                 | <b>17</b> |

## 1. RÉAMHRÁ

Is í seo an cúigiú tuarascáil bhliantúil maidir le dul chun cinn imscartha na gcóras leictreonach atá fós le réiteach, i gcomhréir le hAirteagal 278(a) de Chód Custaim an Aontais <sup>1</sup> maidir leis an dul chun cinn i bhforbairt na gcóras leictreonach dá bhforáiltear faoi Chód Custaim an Aontais<sup>2</sup>. Sa tuarascáil seo tugtar tuilleadh sonraí faoin dul chun cinn leanúnach atá á dhéanamh maidir le córais leictreonacha a fhorbairt agus tugtar tuairisc inti ar fhorbairtí i dtreo timpeallacht custaim lándigiteach ó tháinig Cód Custaim an Aontais i bhfeidhm. Chun na críche sin, baineann sé leas as Clár Oibre Chód Custaim an Aontais<sup>3</sup>, a bunaíodh in 2019, a mheastar mar an bhunlíne chun dul chun cinn a thuairisciú.

Tháinig Cód Custaim an Aontais i bhfeidhm an 1 Bealtaine 2016 agus i ndiaidh é a leasú in 2019<sup>4</sup>, bunaíodh leis na spriocdhátaí 2020, 2022 agus 2025 chun na tionscadail a thabhairt chun críche de réir a chéile i dtéarmaí aistriú agus cur chun feidhme TF. Is féidir leanúint leis na córais leictreonacha agus córais pháipéir atá ann cheana a úsáid chun foirmiúlachtaí custaim a thabhairt chun críche (na ‘bearta idirthréimhseacha’ mar a thugtar orthu) go dtí go mbeidh na córais leictreonacha nua nó uasghrádaithe atá beartaithe faoi Chód Custaim an Aontais ag feidhmiú. Úsáidtear an ionstraim dlí sin chun an próiseas aistrithe tríthoiseach atá casta de réir a chéile a stiúradh i dtreo timpeallacht custaim lándigiteach agus chun tacú leis an bpróiseas sin, agus idirthuilleamaíochtaí idir na córais á gcur san áireamh. .

Ba cheart a thabhairt faoi deara go raibh Clár Oibre Chód Custaim an Aontais 2019 faoi réir athbhreithniú agus an tuarascáil seo á dréachtú, bunaithe, i measc nithe eile, ar an ionchur dul chun cinn a fuarthas ó na Ballstáit mar chuid d’ullmhú na tuarascála. Is é Clár Oibre nua Chód Custaim an Aontais an ionstraim chun na Ballstáit a stiúradh i dtreo chur chun feidhme comhchoiteann agus indéanta na dtionscadal atá ar feitheamh, rud a thabharfaidh níos mó solúbthachta chun na spriocdhátaí deiridh a chomhlíonadh ach mar sin féin an brú is gá a choinneáil chun Clár Oibre Chód Custaim an Aontais a chur chun feidhme ina iomláine faoin 31 Nollaig 2025. Ar an gcúis sin, tá cur chuige réambhbhreathnaitheach sa tuarascáil maidir le hullmhacht i gcoinne na ndátaí i gClár Oibre nua Chód Custaim an Aontais<sup>5</sup>, a ghlac an Coimisiún an 15 Nollaig 2023.

## 2. INNEACHAR NA TUARASCÁLA

Is féidir na tionscadail atá liostaithe i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais a roinnt ina dtrí chatagóir de chórais:

- i) **Córais lárnacha thras-Eorpacha** atá le forbairt nó le huasghrádú ag an gCoimisiún (dá n-éilítear go minic go ndéanfaidh na Ballstáit forbairtí nó uasghrádú ar na córais náisiúnta freisin);
- ii) **Córais dhílárailthe thras-Eorpacha** nach mór don Choimisiún a fhorbairt nó a uasghrádú ach a bhfuil comhpháirt náisiúnta acu le cur chun feidhme ag na Ballstáit agus;
- iii) **Córais náisiúnta** nach mór do na Ballstáit iad féin iad a fhorbairt nó a uasghrádú.

Déantar anailís sa tuarascáil seo ar an dul chun cinn follasach a rinneadh maidir leis na córais sin go léir,

<sup>1</sup> Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais, IO L 269, 10.10.2013, lch. 1–101.

<sup>2</sup> Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle:

2019: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/ALL/?uri=CELEX%3A52019SC0434>;

2020: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52020SC0339>;

2021: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52021SC0382>;

2022: <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A52023SC0029>.

<sup>3</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2151 ón gCoimisiún an 13 Nollaig 2019 lena mbunaítear an clár oibre maidir leis na córais leictreonacha dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais a fhorbairt agus a imscaradh, IO L 325, 16.12.2019, lgh. 168–182, <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A32019D2151>.

<sup>4</sup> Rialachán (AE) 2019/632 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 a mhéid a bhaineann le síneadh ama a chur le húsáid idirthréimhseach a bhaint as bealaí eile seachas na teicnící próiseála sonraí leictreonacha dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais (IO L 111, 25.4.2019, lgh. 54–58).

<sup>5</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2879 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2023 lena mbunaítear an clár oibre maidir leis na córais leictreonacha dá bhforáiltear i gCód Custaim an Aontais a fhorbairt agus a imscaradh, IO L 202302879, 22.12.2023, lgh. 1–17, [https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=OJ:L\\_202302879](https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=OJ:L_202302879).

ina leagtar amach raon feidhme agus pleanáil gach tionscadail (roinn 3). Leagtar béim inti freisin ar mhoilleanna féideartha, nuair a shainaithnítear iad, chomh maith le bearta maolaithe beartaithe (roinn 4). Déantar achoimre ar an measúnú foriomlán ar an dul chun cinn maidir le cur chun feidhme Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais i gconclúid na tuarascála seo (roinn 5).

Tá tuilleadh sonraí maidir le pleanáil agus stádas gach tionscadail ar fáil sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin<sup>6</sup>, a foilsíodh in éineacht leis an tuarascáil seo. Tá an tuarascáil agus an Doiciméad Inmheánach Oibre bunaithe ar an bhfaisnéis a bhailítear **trí na foinsí seo a leanas**:

**(1) pleananna náisiúnta** a gceanglaítear ar na Ballstáit iad a sholáthar dhá uair sa bhliain (mí Eanáir agus mí an Mheithimh).

**(2) suirbhé** a scaipeadh ar na Ballstáit agus ar sheirbhísí féin an Choimisiúin chun an dul chun cinn iarbhrí i gcoinne na bpleananna a ghabháil.

Tá na sonraí a fuarthas ina sonraí cainníochtúla, i bhfoirm spriocdhátaí agus garspriocanna a comhlíonadh nó a cailleadh, agus ina sonraí cáilíochtúla i bhfoirm tuairiscí mionsonraithe maidir le castacht mheasta na dtionscadal, na dúshláin a bhí le sárú, na rioscaí a rabhthas ag súil leo, na moilleanna agus na cúiseanna a bhí le haon mhoill den sórt sin chomh maith leis na bearta maolaitheacha a bhí beartaithe agus/nó a glacadh.

I gcleachtadh na bliana seo, iarradh ar na Ballstáit faisnéis a chur ar fáil maidir leis na ceachtanna a foghlaimíodh agus na tionscadail á bhforbairt agus maidir leis na riachtanais tacaíochta bhreise a d'fhéadfadh a bheith ann.

**(3) cruinnithe ardleibhéil déthaobhacha** idir Stiúrthóireachtaí TF Custaim na mBallstát agus Ard-Stiúrthóireacht an Chánachais agus an Aontais Custaim sa Choimisiún (AS TAXUD).

Tugadh léargas soiléir don Choimisiún ar stádas gach córais i dtoradh an tsuirbhé. Chinn an Coimisiún, áfach, go raibh sé tábhachtach eolas cothrom le dáta a fháil chun léargas iomlán cruinn a fháil ar stádas gach ceann de thionscadail Chód Custaim an Aontais ar thaobh na mBallstát de, chun tuiscint a fháil ar na saincheisteanna a bhí acu agus chun smaointe a thabhairt maidir le feabhas a chur ar chásanna a bhfuil fadhbanna ag baint leo.

**(4) aschuir ó na cláir thras-Eorpacha um chomhordú agus um fhaireachán.**

Tá anailís sa tuarascáil seo freisin atá bunaithe ar fhaisnéis níos mionsonraithe a thuairiscigh na Ballstáit faoi chuimsiú na gClár Comhordúcháin atá i bhfeidhm ó bhí 2020 ann le haghaidh na gcóras tras-Eorpach.

### **3. MODHEOLAÍOCHT TIONSCADAIL DO CHÓRAIS LEICTREONACHA CHÓD CUSTAIM AN AONTAIS**

Ag brath ar ollstruchtúr an chórais arna chomhaontú ag na Ballstáit agus ag an gCoimisiún le haghaidh gach ceann de na córais, sainítear **rólroinnt** maidir leis na **freagrachtaí** as forbairt, imscaradh, oibriú agus cothabháil. Leagtar síos an méid sin sa Rialachán Cur Chun Feidhme maidir leis na Socruithe Teicniúla le haghaidh na gcóras leictreonach ina ndéantar cur síos ar na comhpháirteanna ba cheart a bheith sna córais sin, agus ar chineál na gcomhpháirteanna sin — comhpháirteanna náisiúnta (arna fhorbairt ar an leibhéal náisiúnta) nó comhpháirteanna comhchoiteanna (arna bhforbairt ar leibhéal an Aontais).

I gcomhréir le hAirteagal 103 de Rialachán Cur Chun Feidhme maidir leis na Socruithe Teicniúla, déanfaidh an Coimisiún na **comhpháirteanna coiteanna** a fhorbairt, a thástáil, a imscaradh agus a bhainistiú, agus féadfaidh na Ballstáit iad a thástáil. Déanfaidh na Ballstáit na **comhpháirteanna náisiúnta** a fhorbairt, a thástáil, a imscaradh agus a bhainistiú. Áiríteoidh na Ballstáit go mbeidh na comhpháirteanna náisiúnta idir-inoibritheach leis na comhpháirteanna coiteanna. Déanfaidh an Coimisiún na **sonraíochtaí coiteanna le haghaidh na gcóras díláraithe** a dheardh agus a chothabháil

---

<sup>6</sup> Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle de bhun Airteagal 278a de Chód Custaim an Aontais, maidir le dul chun cinn i bhforbairt na gcóras leictreonach dá bhforáiltear faoin gCód, Doiciméad Inmheánach Oibre(2024) XX final.

i ndlúthchomhar leis na Ballstáit. Déanfaidh na Ballstáit **comhéadain** a fhorbairt, a oibriú agus a chothabháil chun an fheidhmiúlacht a sholáthar le haghaidh na gcóras díláraithe is gá le haghaidh malartú faisnéise le hoibreoirí eacnamaíocha agus le daoine eile trí chomhpháirteanna náisiúnta agus comhéadain náisiúnta, agus le Ballstáit eile trí chomhpháirteanna coiteanna.

Ó 2022 i leith, tá **modheolaíocht an tionscadail** chun na córais a fhorbairt barrfheabhsaithe a thuilleadh. Ó thaobh an Choimisiúin de, forbraíodh an samhltú ar phróiseas gnólachta, an samhltú sonraí agus na sonraíochtaí teicniúla i gcomhthráth agus trí dhlúthchomhar ón tús le saineolaithe dlí, gnó agus teicneolaíochta faisnéise. Rinne formhór na mBallstát an modh dea-chleachtais sin a ionchorprú freisin. Thairis sin, tá éabhlóid i dtreo modheolaíochtaí níos sofheagrúla a ghlacadh chun córais leictreonacha Chód Custaim an Aontais a fhorbairt, lena gcumasaítear feabhsuithe de réir a chéile ar fheidhmiúlacht úsáideoirí trí eisiúintí bogearraí níos tapa agus níos soláimhsithe. Tá a chur chuige agus a dhoiciméadú maidir leis na córais thras-Eorpacha curtha in oiriúint ag an gCoimisiún chun an lúfaireacht sin a chumasú chun tacú leis na Ballstáit dlús a chur leis an dul chun cinn. Léirítear é sin freisin i gClár Oibre nua Chód Custaim an Aontais.

Lean na Ballstáit agus an Coimisiún de bheith ag teacht le chéile go rialta sa Ghrúpa um Chomhordú Leictreonach Custaim chun na doiciméid tionscadail le haghaidh gach córais thras-Eorpaigh a shainiú agus a chomhaontú. Is é an Grúpa um Chomhordú Leictreonach Custaim an fóram freisin chun na gníomhaíochtaí i measc na mBallstát agus an Choimisiúin a stiúradh agus a chomhordú. Ina theannta sin, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle go córasach leis an bpobal trádála trí Ghrúpa Teagmhála na Trádála. Tá an fhreagracht ar na Ballstáit teagmháil dhíreach a choinneáil ar bun lena nOibreoirí Eacnamaíocha maidir le pleananna náisiúnta agus doiciméadú náisiúnta le haghaidh trádálaithe. Nuair a bheidh córas réidh, tá sé rithábhachtach go n-áiritheoidh na Ballstáit aistriú rianúil ó na córais atá ann cheana go dtí na córais uasghrádaithe. Tá sé sin rithábhachtach chun aon tionchar ar oibríochtaí trádála agus custaim a chosc.

#### **4. FORLÉARGAS DOMHANDA AR DHUL CHUN CINN LE CÓRAIS LEICTREONACHA CHÓD CUSTAIM AN AONTAIS**

Tá 17 dtionscadal i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais as a n-eascraíonn imscaradh na gcóras leictreonach riachtanach lena n-áirítear 14 thionscadal tras-Eorpach a bhfuil an Coimisiún agus na Ballstáit freagrach astu, agus trí cinn a thagann faoi fhreagracht na mBallstát amháin.

##### **4.1 Tionscadail a cuireadh i gcrích roimh 2023**

Tuairiscíonn an Coimisiún imscaradh rathúil na **naoi gcóras nua nó uasghráduithe** seo a leanas:

- Córas Onnmhaireoirí Cláraithe Chód Custaim an Aontais – *REX* (nua): Arna imscartha in 2017;
- Cinntí Custaim Chód Custaim an Aontais – *CDS* (nua): Arna imscartha in 2017;
- Rochtain Dhíreach Trádálaí Chód Custaim an Aontais ar na Córais Eorpacha Faisnéise – (Bainistíocht Úsáideora Aonfhoirmeach & Síniú Digiteach) (nua): Arna imscartha in 2017;
- Córas Clárúcháin agus Aitheantais Oibreoirí Eacnamaíocha Chód Custaim an Aontais 2 – *EORI2* (uasghrádú): Arna imscartha in 2018;
- Faireachas 3 Chód Custaim an Aontais – (uasghrádú): Arna imscartha in 2018;
- Faisnéis Taraife Cheangailteach Chód Custaim an Aontais – (uasghrádú): Arna imscartha in 2019;
- Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe Chód Custaim an Aontais – (uasghrádú): Arna imscartha in 2019;
- Bileoga Faisnéise Chód Custaim an Aontais le haghaidh Nósanna Imeachta Speisialta – *INF* (nua): Arna imscartha in 2020;
- Córas Rialaithe Allmhairí Chód Custaim an Aontais 2 – Eisiúint 1 – *ICS2 - Eisiúint 1* (uasghrádú): Arna imscartha in 2021.

## 4.2 Tionscadail atá ar siúl

Is é is aidhm don tuarascáil seo béim a leagan ar an méid a baineadh amach agus na dúshláin a tháinig chun cinn agus na tionscadail atá ar siúl á gcur chun feidhme in 2023.

I Roinn 4.2.1 tugtar forléargas ar na **sé thionscadal thras-Eorpacha** atá beartaithe lena n-imscaradh idir 2023 agus 2025. Bhí tréimhsí imscartha a tháinig chun críche in 2023 ag ceithre cinn de na tionscadail sin mar a leagtar amach i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais 2019 ach ós rud é gur thuairiscigh roinnt Ballstát go raibh deacrachtaí acu, rinneadh athbhreithniú ar Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais in 2023.

Leagtar amach i Roinn 4.2.2 cur chun feidhme na **dtrí thionscadal náisiúnta**, is iad sin *Fógra Teachta*, *Cur i Láthair* agus *Stóráil Shealadach*, *Nósanna Imeachta Speisialta* agus *Córais Allmhairiúcháin Náisiúnta*. Beartaíodh ar dtús go mbeadh na tionscadail sin oibríochtúil faoin 31 Nollaig 2022, mar a shainítear i gCód Custaim an Aontais. Mar sin féin, toisc nach rabhthas in ann an spriocdháta sin a chomhlíonadh agus mar a sainithníodh cheana i dTuarascálacha Bliantúla Chód Custaim an Aontais ar Dhul Chun Cinn, d'iarr roinnt Ballstát maolú faoi Airteagal 6(4) de Chód Custaim an Aontais. An 1 Feabhra 2023, ghlac an Coimisiún Cinní Cur Chun Feidhme lena ndeonaítear maoluithe do Bhallstáit áirithe, lena gcuirtear síneadh leis an spriocdháta go dtí an 31 Nollaig 2023.

### 4.2.1 Tionscadail thras-Eorpacha

Leanann na tionscadail thras-Eorpacha struchtúr ar leith, a bhféadfadh meascán de ghnéithe lárnacha agus náisiúnta a bheith i gceist leis chomh maith le céimeanna iomadúla. Mar a luaitear in Airteagal 278(3) de Chód Custaim an Aontais, ní mór na tionscadail a chur i gcrích tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2025. Cuirtear tuairisc agus dul chun cinn maidir le gach tionscadal i láthair thíos:

- 1) **Bainistiú Ráthaíochta Chód Custaim an Aontais – GUM (nua):** is é is aidhm dó leithdháileadh agus bainistiú fíor-ama ar chineálacha éagsúla ráthaíochtaí ar fud an Aontais a áirithiú, lena ndírítear ar luas próiseála, inrianaitheacht agus faireachán ar ráthaíochtaí idir oifigí custaim a fheabhsú.

**Dul chun cinn:** Cuireadh doiciméad teorach gnó, modúl ríomhfhoghlama agus seisiúin oiliúna TF ar fáil in 2023. Bhí baint ag riosca íseal le himscaradh tráthúil *GUM — Comhpháirt 1* atá le cur chun feidhme go lárnach faoin 11 Márta 2024.

Maidir le *GUM — Comhpháirt 2*, táthar ag súil go mbunóidh na Ballstáit naisc oibríochtúla leis an gcomhpháirt lárnach idir mí an Mhárta 2024 agus mí an Mheithimh 2025. Léirigh na Ballstáit, den chuid is mó, leibhéal íseal riosca maidir le seachadadh tráthúil an tionscadail. Faoi R2 2023, thuairiscigh seacht mBallstát go raibh imscaradh a gcomhpháirte náisiúnta curtha i gcrích, agus i gcás Ballstáit eile, tá an obair fós ar siúl. Dhá mhoill a bhfuiltear ag súil leo maidir leis an gcloch mhíle a bhaint amach.

- 2) **Córas Rialaithe Allmhairí 2 de chuid Chód Custaim an Aontais – ICS2 (uasghrádú):** is é is aidhm dó sábháilteacht agus slándáil an tslabhra soláthair a neartú trí fheabhas a chur ar cháilíocht sonraí, ar chomhdú, ar infhaighteacht agus ar chomhroinnt ardfhaisnéise lastais.

**Dul chun cinn:** Le *ICS2 — Eisiúint 2*, leathnaítear raon feidhme an chórais chun gach lastas (lena n-áirítear mearchoinsíneachtaí agus coinsíneachtaí poist) a thagann isteach san Aontas d'aer.

Rinne an Coimisiún córas lárnach *ICS2 — Eisiúint 2* a imscaradh an 1 Márta 2023 i gcomhréir leis an spriocdháta dlíthiúil.

A mhéid a bhaineann le hullmhacht na mBallstát maidir lena gcuid féin den chur chun feidhme, rinne 12 Bhallstát *ICS2 — Eisiúint 2* a imscaradh faoin 1 Márta 2023. Deonaíodh maoluithe do 12 Bhallstát eile, rud a chuir síneadh leis an spriocdháta don imscaradh go dtí

an 30 Meitheamh 2023<sup>7</sup> mar gheall ar ardriosca moilleanna. Faoi dheireadh 2023, bhí 26 Bhallstát i mbun oibríochta le hEisiúint 2. Bhí sé beartaithe ag an mBallstát a bhí fanta nascadh le linn na chéad leithe de 2024.

Bhí na trádálaithe i mbun aistrithe de réir a chéile go dtí mí Dheireadh Fómhair 2023, ach mar sin féin faoi dheireadh na bliana, bhí thart ar 40 aeriompróir fós ar feitheamh. Tá na Ballstáit freagrach as na hoibreoirí eacnamaíocha a bheith ag comhlíonadh ICS2. Déanann an Coimisiún faireachán ar oibreoirí eacnamaíocha a thabhairt isteach de réir a chéile in éineacht leis na Ballstáit agus leis na comhlachais trádála ábhartha. Mheabhraigh an Coimisiún do na Ballstáit gach beart is gá a dhéanamh (lena n-áirítear pionóis a d'fhéadfaí a fhorchur) i gcoinne neamhchomhlíonadh leanúnach oibreoirí eacnamaíocha.

Cuireadh tús le forbairt ICS2 — *Eisiúint 3* mar a bhí beartaithe. Thug formhór na mBallstát le fios go bhfuil riosca íseal ag baint leis an tionscadal agus go bhfuil sé ag cloí lena sprioc maidir leis an gcóras a imscaradh go hiomlán faoin dáta a shonraítear i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais.

- 3) Cruthúnas Chód Custaim an Aontais ar Stádas Aontais – *PoUS* (nua): is é is aidhm dó cruthúnas go léir a stóráil, a bhainistiú agus a aisghabháil chun a léiriú go soláthraíonn trádálaithe stádas Aontais dá n-earraí. Mar gheall ar spleáchais le Lastliosta Earraí Custaim Chód Custaim an Aontais agus leis an timpeallacht Eorpach Ionaí Ilfhreastail Mhuirí, cuirfear an tionscadal i gcrích in dhá chéim éagsúla chun rioscaí agus neamhréireachtaí a íoslaghdú.

**Dul chun cinn:** Tá sé beartaithe go mbeidh *PoUS – Céim 1* i bhfeidhm faoin 1 Márta 2024, agus riosca íseal moille ag baint leis.

Maidir le *PoUS – Céim 2*, chuir an Coimisiún Sonraíochtaí Teicniúla i gcrích in R2 2023, agus tá gníomhaíochtaí Tástála Comhréireachta le tabhairt i gcrích in R3 2025. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an tionscadal a chur i gcrích go tráthúil. Ba cheart a thabhairt faoi deara, áfach, i bhfianaise na difríochta idir dáta imscartha *PoUS – Céim 2* de Lastliosta Earraí Custaim (2 Meitheamh 2025) agus dáta imscartha na timpeallachta Eorpaí Ionaí Ilfhreastail Mhuirí (15 Lúnasa 2025), go bhfuil ailíniú á lorg i gClár Oibre nua Chód Custaim an Aontais. Mar thoradh air sin, rinneadh an t-imscaradh a athsceidealú i gClár Oibre nua Chód Custaim an Aontais go dtí an 15 Lúnasa 2025.<sup>8</sup> Sainaithníodh meánriosca ar an tionscadal i bhfianaise saincheisteanna ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme na timpeallachta Eorpaí Ionaí Ilfhreastail Mhuirí.

- 4) **Imréiteach Láraithe Allmhairiúcháin Chód Custaim an Aontais** – CCI (nua): is é is aidhm dó a cheadú d'oibreoirí eacnamaíocha earraí a chur faoi nós imeachta custaim trí dhearbhuí custaim a thaisceadh ag a n-áit bhunaíochta le haghaidh earraí a thíolactar i mBallstát eile. Bunaithe ar na *Córais Allmhairiúcháin Náisiúnta* nua, déanfaidh CCI imréiteach láraithe a uathobriú ar an leibhéal Eorpach.

**Dul chun cinn:** I gcás CCI — *Céim 1*, tá an Coimisiún ag dul chun cinn de réir an sceidil agus de réir na Tástála Comhréireachta leanúnaí leis na Ballstáit. Sannadh riosca meánleibhéil go riosca ardleibhéil don tionscadal mar gheall ar spleáchais ar ullmhacht na mBallstát le huasghrádú an Chórais Allmhairiúcháin Náisiúnta, réamhriachtanas chun CCI a imscaradh.

I bhfianaise na moilleanna a tuairiscíodh ar imscaradh CCI — *Céim 1* tar éis an 1 Nollaig 2023, tá cur chuige atriallach nua á chur chun feidhme ag an gCoimisiún, agus tús áite á thabhairt aige do dhearbhuíthe caighdeánacha agus don tsaoirse chun an cineál teachtaireachta a roghnú, agus ag an am céanna síneadh a chur leis an spriocdháta le haghaidh

<sup>7</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/438 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2023 lena ndeonaítear maolú arna iarraidh ag Ballstáit áirithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le leas a bhaint as bealaí eile seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil i ndáil le hEisiúint 2 de Chórais Rialaithe Allmhairí 2 (IO L 63, 28.2.2023, lgh. 56-58).

<sup>8</sup> Tugadh an dáta cothrom le dáta dá réir in Athbhreithniú Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais 2023.

CCI — Céim 1<sup>9</sup>, agus beidh an t-imscaradh deiridh ar bun an 1 Iúil 2024, mar a léirítear i gClár Oibre nua Chód Custaim an Aontais.

Maidir le CCI — Céim 2, chuir an Coimisiún bailchríoch ar na Sonraíochtaí Teicniúla in 2022, i bhfad roimh an tréimhse imscartha atá beartaithe do mhí Dheireadh Fómhair 2023 go dtí an 2 Meitheamh 2025.


Maidir le measúnú a dhéanamh ar leibhéal iomláine an chórais CCI iomláin, thuairiscigh formhór na mBallstát go bhfuil na forbairtí ag dul chun cinn, agus bhain riosca meánleibhéil le seachadadh tráthúil an tionscadail in aghaidh an sprioc-ama le haghaidh CCI — Céim 2.

Chuir roinnt Ballstát in iúl go bhfuil sé ar intinn acu CCI — Céim 1 agus CCI — Céim 2 a imscaradh le chéile.

- 5) Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthuais Chód Custaim an Aontais – (uasghrádú): is é is aidhm dó córas idirthuais an Aontais agus an córas coiteann idirthuais atá ann cheana a ailíniú le forálacha nua dlí Chód Custaim an Aontais, lena n-áirítear ceanglais sonraí Chód Custaim an Aontais agus comhéadain le córais eile.

**Dul chun cinn:** Ar an iomlán, le haghaidh *Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthuais — Céim 5*, tá dul chun cinn suntasach bainte amach. Leithdháileadh ardriosca ar an tionscadal, áfach, toisc nárbh fhéidir le roinnt Ballstát sprioc-ama an imscartha an 1 Nollaig 2023 a bhaint amach. Dá bhrí sin, comhaontaíodh cur chuige nua agus léiríodh é i gClár Oibre nua Chód Custaim an Aontais. Ciallaíonn sé sin gur féidir *Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthuais — Céim 5* a chur chun feidhme in dhá chéim: príomhfheidhmiúlachtaí faoin 1 Nollaig 2023 agus leanúnachas gnó ailínithe le Cód Custaim an Aontais, agus feidhmiúlachtaí nach príomhfheidhmiúlachtaí iad faoin 2 Nollaig 2024.

Mar a léirítear in Figure 1, chuaigh trí Bhallstát eile i mbun oibríochtaí faoi mhí Feabhra 2023, agus chuaigh ceithre Bhallstát eile i mbun oibríochtaí leo faoi mhí Mheán Fómhair 2023. Gheall gach Ballstát seachas sé cinn acu go mbeidís i mbun oibríochtaí leis na príomhfheidhmiúlachtaí faoin 1 Nollaig 2023 agus dhearbhaigh an chuid is mó acu go mbeidh siad i mbun oibríochtaí go hiomlán, le haghaidh príomhfheidhmiúlachtaí agus feidhmiúlachtaí nach príomhfheidhmiúlachtaí iad araon faoin 1 Nollaig 2024.



<sup>9</sup> Cur chuige a cuireadh i láthair in 2023 i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais agus plean straitéiseach ilbhliantúil le haghaidh custaim (MASP-C). Tá sé beartaithe deireadh a chur leis an tréimhse imscartha le haghaidh CCI — Céim 1 ag deireadh R2 2024, agus is é 01/07/2024 an spriocdháta don imscaradh deiridh.

*Fíor 1 – Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthuais – Céim 5 Riaracháin Náisiúnta a chur i mbun oibríochtaí*

I gcás *Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthuais — Céim 6* déantar an amlíne a shioncrónú le hamlíne *ICS2 — Eisiúint 3*<sup>10</sup> i gClár Oibre nua Chód Custaim an Aontais agus bunaítear leis an tréimhse imscartha nua scoithphointe soiléir le haghaidh Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthuais-Céim 5. Leis na hathruithe sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar an riosca a bhaineann le moilleanna agus ligean do na Ballstáit agus do thrádálaithe a straitéis agus a ngníomhaíochtaí a shainiú le bheith réidh faoi na dátaí nua. Dá bhrí sin, tá an riosca a bhaineann leis an tionscadal seo i bhfianaise é a thabhairt chun críche faoin 1 Meán Fómhair 2025 laghdaithe go riosca íseal.


- 6) **Uathchóras Onnmhairiúcháin Chód Custaim an Aontais** – AES (uasghrádú): is é is aidhm dó ceanglais Chód Custaim an Aontais a chur chun feidhme maidir le honnmhairiú agus imeacht earraí.

**Dul chun cinn:** I gcás AES, thuairiscigh na Ballstáit dul chun cinn suntasach maidir lena n-iarratais náisiúnta onnmhairiúcháin a imscaradh in 2023. Mar sin féin, ós rud é nach bhféadfadh roinnt Ballstát an spriocdháta imscartha an 1 Nollaig 2023 a bhaint amach, rud a d'fhág plean athbhreithnithe i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais mar thoradh air sin, leithdháiltear ardriosca ar an tionscadal. Féadfar AES a chur chun feidhme i dtrí chéim: ar an gcéad dul síos, príomhfheidhmiúlachtaí (1 Nollaig 2023), an dara ceann chun comhéadan a dhéanamh le Mál (Feabhra 2024) agus ar deireadh, feidhmiúlachtaí nach príomhfheidhmiúlachtaí iad (2 Nollaig 2024).

Leis na hathruithe sin, ba cheart aghaidh a thabhairt ar an riosca a bhaineann le moilleanna agus ligean do na Ballstáit agus do thrádálaithe an straitéis a shainiú chun na spriocdhátaí nua a chomhlíonadh, ós rud é go mbeadh meánriosca go hardriosca ag baint le seachadadh tráthúil faoi dheireadh 2024 mura ndéanfaí amhlaidh.

Léirítear in Figure 2 gur chuir ocht mBallstát tús le hoibríochtaí idirmáisiúnta le haghaidh AES faoi mhí Mheán Fómhair 2023. Tá ocht mBallstát eile, mar aon leis an gCoimisiún, ag feidhmiú a bpleananna imscartha faoi láthair chun a áirithiú go dtiocfaidh siad i bhfeidhm go tráthúil. Dhearbhaigh formhór na mBallstát go bhfuil siad tiomanta dul i mbun oibríochtaí leis na príomhfheidhmiúlachtaí faoin 1 Nollaig 2023, agus maidir le príomhfheidhmiúlachtaí agus feidhmiúlachtaí nach príomhfheidhmiúlachtaí iad faoin 2 Nollaig 2024.

<sup>10</sup> Mar a bheartaítear i gClár Oibre nua Chód Custaim an Aontais, déanfar *Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthuais — Céim 5* a imscaradh go hiomlán faoin 21 Feabhra 2025. Tá an idirthréimhse ó *Chóras Nua Ríomhchuidithe Idirthuais — Céim 5* go *Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthuais — Céim 6* beartaithe idir an 01/03/2025 agus an 01/09/2025, le linn na tréimhse céanna go n-aistreoidh *ICS2 — Eisiúint 2* go *ICS2 — Eisiúint 3* -, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann sioncrónú a dhéanamh idir an dá chóras.



*Fíor 2 – Ballstáit AES ag teacht i mbun oibríochtaí*

**Chun achoimre a dhéanamh** ar stádas na dtionscadal tras-Eorpach eile, tá an Coimisiún ar an mbóthar ceart chun na spriocdhátaí dlíthiúla a bhaint amach, spriocdhátaí a comhaontaíodh i gcomhthéacs Chód Custaim an Aontais agus Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais. Maidir le himscaradh chomhpháirteanna náisiúnta na gcóras tras-Eorpach sin ag na Ballstáit, sainithníodh rioscaí tromchúiseacha maidir le moilleanna, go háirithe i gcás CCI — Céim 1, AES, agus Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthurais — Céim 5 ach tugadh aghaidh orthu go páirteach le Clár Oibre nua Chód Custaim an Aontais (féach roinn 4.3).

#### 4.2.2 Tionscadail náisiúnta

Bhí na Ballstáit le huasghrádú ar a **dtrí thionscadal lán-náisiúnta** a thabhairt chun críche<sup>11</sup> faoin 31 Nollaig 2022, i gcomhréir le hAirteagal 278(2) de Chód Custaim an Aontais. Mar sin féin, ní raibh 22 Bhallstát in ann an spriocdháta sin a chomhlíonadh agus, tar éis dóibh iarratas a dhéanamh, deonaíodh maolú dóibh, lenar cuireadh síneadh leis an spriocdháta don imscaradh go dtí an 31 Nollaig 2023<sup>12</sup>.

Cuirtear an dul chun cinn maidir le gach tionscadal náisiúnta i láthair thíos agus léirítear é i bhFíor 3:

- 1) **Fógra Teachta, Fógra Cur i Láthair agus Stóráil Shealadach Chód Custaim an Aontais (AN, PN agus TS)** – (uasghrádú): is é is aidhm dó próisis iontrála náisiúnta a uathoibriú.

**Dul chun cinn:** Aithníodh go raibh seachadadh tráthúil na gcóras náisiúnta i mbaol i dTuarascálacha Bliantúla Chód Custaim an Aontais roimhe seo ar Dhul Chun Cinn. Mar a léiríodh, thug formhór na mBallstát an cur chun feidhme chun críche faoi dheireadh 2023. Chun

<sup>11</sup> Ní áirítear leis an amlíne sin an Chomhpháirt Onnmhairiúcháin den chóras náisiúnta Nósanna Imeachta Speisialta, dá bhfuil an ghníomhaíocht agus an phleanáil idirascacha leis an Uathchóras Onnmhairiúcháin (AES).

<sup>12</sup> Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/235 ón gCoimisiún an 1 Feabhra 2023 lena ndeonaítear maolú arna iarraidh ag Ballstáit áirithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle úsáid a bhaint as bealaí eile seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil chun fógra a thabhairt faoi theacht soithigh farraige móire nó aerárthaigh (IO L 32, 3.2.2023, lgh. 220-222).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/234 ón gCoimisiún an 1 Feabhra 2023 lena ndeonaítear maolú arna iarraidh ag Ballstáit áirithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le leas a bhaint as bealaí eile seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil i ndáil leis an bhFógra Cur i Láthair a bhaineann le hearraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais (IO L 32, 3.2.2023, lgh. 217-219).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/236 ón gCoimisiún an 1 Feabhra 2023 lena ndeonaítear maolú arna iarraidh ag Ballstáit áirithe de bhun Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle úsáid a bhaint as bealaí eile seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha chun faisnéis a mhalartú agus a stóráil le haghaidh an dearbhaithe stórála sealadaí a bhaineann le hearraí nach earraí ón Aontas iad a thíolactar do lucht custaim (IO L 32, 3.2.2023, lgh. 223-225).

Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/237 ón gCoimisiún an 1 Feabhra 2023 lena ndeonaítear maolú arna iarraidh ag Ballstáit áirithe chun leas a bhaint as bealaí eile seachas teicnící próiseála sonraí leictreonacha le faisnéis a mhalartú agus a stóráil a bhaineann leis an dearbhú custaim le haghaidh earraí a thugtar isteach i gcríoch chustaim an Aontais a leagtar síos in Airteagail 158, 162, 163, 166, 167, 170 go 174, 201, 240, 250, 254 agus 256 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 32, 3.2.2023, lgh. 226-228).

tuilleadh sonraí a fháil, féach roinn 3.1.2 den Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an tuarascáil seo.

- 2) **Córais Allmhairiúcháin Náisiúnta Chód Custaim an Aontais** – (uasghrádú): is é is aidhm dó gach riachtanas próiseála agus sonraí a bhaineann le hallmhairí a chur chun feidhme mar a leagtar amach i gCód Custaim an Aontais.

**Dul chun cinn:** Thuairiscigh roinnt Ballstát rioscaí maidir le seachadadh tráthúil an tionscadail ó 2022, rud a d'fhág gur deonaíodh maoluithe. Faoi dheireadh 2023, déanfaidh 19 mBallstát Córas Allmhairiúcháin Náisiúnta a imscaradh. Tá roinnt Ballstát ann a dteastaíonn nuashonrú eile uathu chun an tionscadal a thabhairt chun críche go hiomlán; níl Ballstáit eile réidh leis an gcur chun feidhme faoi dheireadh 2023 (spriocdháta maolaithe). Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach roinn 3.2.2 den Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an tuarascáil seo.

- 3) **Nósanna Imeachta Speisialta Chód Custaim an Aontais** – (uasghrádú): is é is aidhm dó nósanna imeachta speisialta a chomhchuibhiú (i.e., stórasú custaim, úsáid deiridh, cead isteach sealadach agus próiseáil isteach/amach).

**Dul chun cinn:** I bhfianaise na n-idirspeleáchas leis na *Córais Allmhairiúcháin Náisiúnta*, chuir 21 Bhallstát *IMP Nósanna Imeachta Speisialta* i gcrích faoi dheireadh 2023. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach roinn 3.3.2 agus roinn 3.4.2 den Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin a ghabhann leis an tuarascáil seo.

|                                                  | Fógra Teachta                                             | Fógra Tíolactha | Stóráil Shealadach | Córas Allmhairiúcháin Náisiúnta                           | IMP Nósanna Imeachta Speisialta |
|--------------------------------------------------|-----------------------------------------------------------|-----------------|--------------------|-----------------------------------------------------------|---------------------------------|
| Spriocdhát a Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais | 31/12/2022<br>le síneadh go dtí 31/12/2023 <sup>(1)</sup> |                 |                    | 31/12/2022<br>le síneadh go dtí 31/12/2023 <sup>(2)</sup> |                                 |
| AT                                               | Ní bhaineann le hábhar                                    | 21-06-2023      | Níl sé ar fáil     | Níl sé ar fáil                                            | 03-02-2025                      |
| BE                                               | 30-06-2023                                                | 05-07-2023      | 29-11-2023         | 06-12-2023                                                | 06-12-2023                      |
| BG                                               | 01-03-2023                                                | 23-10-2023      | 23-10-2023         | 23-10-2023                                                | 23-10-2023                      |
| CY                                               | 07-11-2023                                                | 07-11-2023      | 07-11-2023         | 07-11-2023                                                | 07-11-2023                      |
| CZ                                               | 01-03-2023                                                | 01-03-2023      | 31-12-2023         | 01-12-2024                                                | 01-12-2024                      |
| DE                                               | 01-03-2023                                                | 06-03-2021      | 06-03-2021         | 06-03-2021                                                | 06-03-2021                      |
| DK                                               | 31-10-2023                                                | 31-10-2023      | 15-10-2024         | 15-10-2024                                                | 15-10-2024                      |
| EE                                               | 01-10-2023                                                | 01-10-2023      | 01-10-2023         | 01-07-2021                                                | 01-07-2021                      |
| ES                                               | Ní bhaineann le hábhar                                    | 01-03-2024      | 01-03-2024         | 30-09-2023                                                | 30-09-2022                      |
| FI                                               | 31-03-2023                                                | 31-03-2021      | 31-12-2022         | 31-12-2019                                                | 30-12-2022                      |
| FR                                               | 01-07-2023                                                | 06-03-2024      | 06-03-2024         | 31-12-2024                                                | 30-09-2023                      |
| GR                                               | 31-12-2024                                                | 31-12-2024      | 31-12-2024         | 31-12-2022                                                | 31-12-2024                      |
| HR                                               | 01-07-2023                                                | 01-03-2023      | 01-12-2022         | 01-01-2023                                                | 01-01-2023                      |
| HU                                               | 31-12-2023                                                | 31-12-2023      | 31-12-2023         | 12-10-2023                                                | 12-10-2023                      |
| IE                                               | Ní bhaineann le hábhar                                    | 23-11-2020      | 23-11-2020         | 24-06-2024                                                | 23-11-2020                      |
| IT                                               | 13-12-2022                                                | 13-12-2022      | 13-12-2022         | 01-07-2021                                                | 01-07-2021                      |
| LT                                               | 01-03-2023                                                | 28-02-2023      | 31-10-2023         | 31-12-2023                                                | 31-12-2023                      |
| LU                                               | 01-03-2023                                                | 10-01-2023      | 10-01-2023         | 02-05-2023                                                | 02-05-2023                      |
| LV                                               | 24-09-2017                                                | 24-09-2017      | 24-09-2017         | 03-06-2018                                                | 03-06-2018                      |
| MT                                               | 01-06-2024                                                | 01-06-2024      | 01-06-2024         | 01-02-2025                                                | 01-02-2025                      |
| NL                                               | 01-07-2023                                                | 01-12-2023      | 01-12-2023         | 01-04-2022                                                | 01-04-2022                      |

|    |            |            |            |            |            |
|----|------------|------------|------------|------------|------------|
| PL | 01-12-2023 | 31-12-2023 | 31-12-2023 | 31-12-2023 | 01-07-2021 |
| PT | 28-10-2024 | 28-10-2024 | 28-10-2024 | 28-10-2024 | 28-10-2024 |
| RO | 01-10-2023 | 01-10-2023 | 01-10-2023 | 01-10-2023 | 31-12-2023 |
| SE | 01-03-2023 | 27-09-2023 | 01-10-2024 | 15-03-2022 | 20-06-2023 |
| SI | 01-03-2023 | 01-03-2023 | 30-11-2023 | 01-01-2022 | 01-01-2022 |
| SK | 01-03-2023 | 01-10-2023 | 02-06-2025 | 01-01-2025 | 11-06-2016 |

| Eochair eolais |                                                                                                                        |
|----------------|------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
|                | I gcomhréir le Clár Oibre Chód Custaim an Aontais, an nuashonrú breise faoin 1 Iúil 2024, agus/nó an maolú a deonaíodh |
|                | Tar éis an spriocdháta i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais agus/nó an maolú a deonaíodh                              |
|                | Níl sé ar fáil                                                                                                         |

|                                                                                                                                                                                                                                                                            |
|----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------|
| (1) Go dtí an 31/12/2023 i gcás na mBallstát ar deonaíodh maolú dóibh.                                                                                                                                                                                                     |
| (2) Go dtí an 31/12/2023 i gcás na mBallstát ar deonaíodh maolú dóibh nó go dtí an 01/07/2024, i gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 2(4a) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2015/2446 ón gCoimisiún, arb amhlaidh an cas don Bhulgáir, d'Éirinn agus don Pholainn mar shampla. |

### Fíor 3 — Pleanáil maidir le córais náisiúnta iontrála/allmhairiúcháin a imscaradh

**Mar achóimre**, tá na Ballstáit i mbun uasghrádú ar a dtrí thionscadal lán-náisiúnta a thabhairt chun críche. Cé go bhfuil formhór na mBallstát ag súil go n-imscarfar a gcórais faoi dheireadh 2023, i gcomhréir leis an spriocdháta maolaithe a deonaíodh, thuairiscigh líon suntasach Ballstát tuilleadh moilleanna fós, le haghaidh Stóráil Shealadach agus Córas Allmhairiúcháin Náisiúnta den chuid is mó, rud a d'fhág go raibh imscaradh ann a mhairfidh níos faide ná 2023 agus a mbeidh tionchar aige ar réimsí eile.

Tá na moilleanna ar imscaradh na gcóras iontrála náisiúnta (Fógra Teachta/Fógra Cur i Láthair/Stóráil Shealadach) ag cur isteach ar thimthriall deiridh ICS2 agus ar phróisis tacaíochta, rud a bhfuil tionchar aige ar shlabhraí soláthair agus rud a mhéadaíonn costais le haghaidh oibreoirí eacnamaíocha chun réiteach eatramhach a bhunú.

Bíonn tionchar diúltach ag na moilleanna ar uasghrádú an Chórais Allmhairiúcháin Náisiúnta ar na hoibreoirí eacnamaíocha freisin, lena gcuirtear siar úsáid na bhfeidhmiúlachtaí uile tráth an allmhairithe, simplithe ar fhoirmiúlachtaí a bhféadfadh na hoibreoirí eacnamaíocha tairbhe a bhaint astu amhail Iontráil i dTaifid an Dearbhóra. Ina theannta sin, is réamhriachtanas tábhachtach é chun an córas leictreonach a bhaineann le CCI a imscaradh.

Tá tuilleadh sonraí maidir leis na moilleanna léirithe i roinn 3.2 den Doiciméad Inmheánach Oibre.

### 4.3 Rioscaí maidir le moilleanna ar chur chun feidhme TF Chód Custaim an Aontais

Déantar idirdhealú sa tuarascáil seo idir an dul chun cinn a rinneadh ar thaobh an Choimisiúin agus an dul chun cinn atá déanta ag na Ballstáit. Tá **dul chun cinn á dhéanamh ag an gCoimisiún mar a bhí beartaithe** agus níor sainaithníodh aon mhoill tar éis an spriocdháta dhlíthiúil agus níor sainaithníodh aon riosca a d'fhéadfadh moill a chur ar imscaradh. Bíonn tionchar ag moilleanna a bhíonn ag na Ballstáit ar dhul chun cinn na gcóras tras-Eorpach amhail ICS2, CCI, Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthuais agus AES ina n-iomláine, rud a imríonn tionchar ar na gníomhaíochtaí faoi raon feidhme gníomhaíochta an Choimisiúin. Is é an toradh atá air sin go mbíonn níos mó acmhainní infheistíochta dírithe ar ghníomhaíochtaí Tástála Comhréireachta agus ar ghníomhaíochtaí comhordaithe agus tacaíochta sna tionscadail thras-Eorpacha. Ina theannta sin, is é an toradh atá air freisin cúnamh breise i scéimeanna malartacha náisiúnta forbartha agus imscartha agus faireachán, agus ní mór dó comhpháirteanna lárnacha a choinneáil ar feadh tréimhse níos faide le linn na n-idirthréimhsí.

Tá an chuid is mó de na **Ballstáit ag dul chun cinn de réir a chéile** maidir leis na forbairtí atá faoina gcúram, cé go bhfuil cuid acu ag dul chun cinn ar luas níos moille ná mar a bhí beartaithe ar dtús. Mar

thoradh air sin, **tuairiscíodh moilleanna tar éis na spriocdhátaí dlíthiúla nó maolaithe** i roinnt tionscadal náisiúnta agus tras-Eorpach.

Sholáthair na Ballstáit roinnt foras chun bonn cirt a thabhairt leis na moilleanna, ar moilleanna athfhillteacha a bhformhór, rud a chuir moill ar fhorbairt a gcóras. Áirítear orthu sin easpa acmhainní airgeadais agus daonna, tosaíochtaí iomaíocha agus tionchar ionradh na Rúise ar an Úcráin ar chúrsaí custaim. Ina theannta sin, thuairiscigh na Ballstáit freisin nach raibh bonneagair náisiúnta TF in ann déileáil le riachtanais theicniúla na dtionscadal, saincheisteanna acmhainneachta conraitheoirí agus spleáchais le páirtithe leasmhara eile, aistriú agus tástáil leis na hOibreoirí Eacnamaíocha, glaonna ar thairiscintí a raibh moill leo nó nár éiríodh a dhéanamh chun píosaí oibre a sheachfhoinsiú, nósanna imeachta soláthair phoiblí troma, saincheisteanna rialachais agus comhtháthú casta córas thionscadail Chód Custaim an Aontais.

In ainneoin gur sholáthair an Coimisiún na Sonraíochtaí Feidhmeacha agus Teicniúla do chórais thras-Eorpacha faoi Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais go tráthúil, tá roinnt Ballstát ann fós nár bronnadh tairiscintí orthu nó ina bhfuil fadhbanna suntasacha fós ann i bpróisis soláthair náisiúnta, rud a imríonn tionchar ar sholáthar tráthúil na gcóras.

Tionóladh cruinnithe déthaobhacha idir na Ballstáit agus an Coimisiún chun saincheisteanna a phlé agus chun aghaidh a thabhairt orthu agus chun béim a leagan ar a thábhachtaí atá sé tús áite a thabhairt do thionscadail Chód Custaim an Aontais. I ndáil leis an méid sin, chuir an Coimisiún comhairle ar fáil freisin maidir le gníomhaíochtaí agus bearta leantacha a d'fhéadfaí a dhéanamh. Chuir **22 Bhallstát iarrataí foirmiúla ar mhaoluithe faoi bhráid an Choimisiúin** faoi Airteagal 6(4) de Chód Custaim an Aontais maidir le moilleanna tar éis spriocdhátaí dlíthiúla ina **dtionscadail náisiúnta**. Rinne an Coimisiún athbhreithniú ar na hiarrataí agus ar na réasúinuithe a cuireadh ar fáil iontu i bhfianaise na n-imthosca sonracha agus **d'eisigh sé Cinntí Cur Chun Feidhme lena ndeonaítear maoluithe** do na Ballstáit iarrthacha. Maidir le Maoluithe le haghaidh *Fógra Teachta, Fógra Cur i Láthair, Stóráil Shealadach, Córas Allmhairiúcháin Náisiúnta*, agus *Nósanna Imeachta Speisialta — Comhpháirt 2*, cuireadh síneadh leis an spriocdháta go dtí an 31 Nollaig 2023<sup>13</sup>, agus chuir an maolú le haghaidh *ICS2 — Eisiúint 2* síneadh leis an spriocdháta go dtí an 30 Meitheamh 2023.

Tugtar forléargas thíos ar na maoluithe a dheonaítear do na Ballstáit:

- Chun **Fógra Teachta** a chur chun feidhme, deonaíodh maolú do na Ballstáit seo a leanas: AT, BE, BG, CY, CZ, DK, EE, ES, FR, GR, HU, HR, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SE, SI agus SK. Ag an am céanna, thuairiscigh BG, CY, DE, EE, ES, FI, FR, HR, HU, LT, LU, NL, SE agus SI go n-úsáidfí an *Fógra Teachta* atá comhtháite in *ICS2 – Eisiúint 2* (arna imscartha an 1 Márta 2023 nó an 30 Meitheamh 2023 i gcás na mBallstát ar deonaíodh maolú orthu). Chuir DE agus IE in iúl nach mbaineann an *Fógra Teachta* le hábhar.
- Chun **Fógra Cur i Láthair** a chur chun feidhme, deonaíodh maolú do na Ballstáit seo a leanas: AT, BE, CY, CZ, DK, EE, ES, FR, GR, HU, HR, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SE, SI, agus SK.
- Chun **Stóráil Shealadach** a chur chun feidhme, deonaíodh maolú do na Ballstáit seo a leanas: AT, BE, CY, CZ, DK, EE, ES, FR, GR, HU, HR, LT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SE, SI, agus SK. Ina theannta sin, d'aontaigh GR go raibh gá le maolú leathnaithe.
- Chun **uasghrádú na gCóras Allmhairiúcháin Náisiúnta** a chur chun feidhme, deonaíodh maolú do na Ballstáit seo a leanas: AT, BG, CY, CZ, DK, ES, FR, GR, HU, LT, LU, MT, NL, PT, RO, agus SE. Beidh tionchar ag na moilleanna sin ar an tionscadal tras-Eorpach CCI agus ar na *Nósanna Imeachta Speisialta – Comhpháirt 2*, a leanann an amlíne chéanna leis an uasghrádú ar na *Córais Allmhairiúcháin Náisiúnta*. Ina theannta sin, d'aontaigh GR agus SK go raibh gá le maolú leathnaithe.

<sup>13</sup> I gcás modhanna iompair seachas aer, maireann na maoluithe le haghaidh *Fógra Teachta, Fógra Cur i Láthair* agus *Stóráil Shealadach* go dtí an 29/02/2024.

- Chun **Nósanna Imeachta Speisialta – Comhpháirt 2** a chur chun feidhme, deonaíodh maolú do na Ballstáit seo a leanas: AT, BG, CY, CZ, DK, ES, FR, GR, HU, LT, LU, MT, NL, PT, RO, agus SE.
- Chun **ICS2 – Eisiúint 2** a chur chun feidhme, deonaíodh maolú do na Ballstáit seo a leanas: AT, BE, DK, EE, FR, GR, HR, LU, NL, PL, RO, agus SE. Chuir GR agus RO iarraidh fhoirmiúil isteach ar mhaolú ina dhiaidh sin. Ina theannta sin, d’aontaigh GR agus RO go raibh gá le maolú leathnaithe. Faoi dheireadh 2023, beidh saincheisteanna fós os comhair RO maidir le himscaradh na heisiúna seo.

Bunaithe ar an bhfaisnéis a fuarthas ó na Ballstáit, is féidir linn teacht ar an gconclúid gur comhlíonadh 71 % de líon iomlán spriocdhátaí sínte 2023 a deonaíodh faoi na maoluithe. Tá an 29 % eile fós ag tabhairt faoi shaincheisteanna maidir leis an imscaradh.

Mar a léirítear sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis seo, chuir **roinnt Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoi mhoilleanna ar na tionscadail thras-Eorpacha:**

- Maidir le cur chun feidhme **Nósanna Imeachta Speisialta – Comhpháirt 1**, tá dáta oibríochtaí pleanáilte curtha in iúl ag na Ballstáit seo a leanas, dáta atá níos déanaí ná an spriocdháta i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais: FI, FR, GR, HU, LU, MT, PT, SE, agus SK. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach roinn 3.3 den Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo.
- Maidir le **ICS2 – Eisiúint 3** a chur chun feidhme, thuairiscigh na Ballstáit seo a leanas na dátaí imscartha a sháraigh an spriocdháta a shainítear i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais<sup>14</sup>: FI, FR, HR, IE, MT, PT, agus SK. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach roinn 4.2 den Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo.
- Maidir le cur chun feidhme **CCI – Céim 1**, chuir na Ballstáit seo a leanas dáta oibríochtaí pleanáilte in iúl, dáta atá níos déanaí ná an spriocdháta atá leagtha amach i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais<sup>15</sup>: BE, CZ, DE, DK, ES, FI, HR, HU, IE, LT, LU, LV, MT, NL, PT, SI agus SK. Maidir le **CCI – Céim 2**, chuir BE, DE, EE, ES, FI, GR, agus NL dáta oibríochtaí pleanáilte in iúl, dáta atá níos déanaí ná an spriocdháta atá leagtha amach i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach roinn 3.6 agus roinn 4.4 den Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo.
- Maidir le cur chun feidhme **an Chórais Nua Ríomhchuidithe Idirthurais – Céim 5**, chuir AT, ES, FI, GR, HU, IE, LT, LV, MT, NL, PT, SE, agus SK, in iúl go raibh moilleanna ann i gcomparáid leis an spriocdháta oibríochtaí a leagtar síos i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais<sup>16</sup>. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach roinn 3.7 den Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo.
- Maidir le cur chun feidhme **AES – Comhpháirt 1**, chuir AT, BE, FI, FR, GR, HU, LU, MT, PT, SE, agus SK, dáta oibríochtaí pleanáilte in iúl, dáta níos déanaí ná an spriocdháta a leagtar amach

<sup>14</sup> In Athbhreithniú Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais 2023, tá sé beartaithe go n-imscarfaidh na Ballstáit uile **ICS2 – Eisiúint 3** ina iomláine don 03/06/2024. Tá rolladh amach chóras **ICS2 – Eisiúint 3** beartaithe i dtrí chéim: Céim 1 maidir le hiompróirí uiscebhealaí idir mhuirí agus intíre (lena mbaineann tréimhse imscartha dar tús an 03/06/2024 agus dar críoch an 04/12/2024); Bhain Céim 2 le comhdaitheoirí bille ládála muirí i dtrácht na n-uiscebhealaí idir mhuirí agus intíre (lena mbaineann tréimhse imscartha dar tús an 04/12/2024 agus dar críoch an 01/04/2025); agus Céim 3 maidir le hiompróirí bóthair agus iarnróid (ina bhfuil tréimhse imscartha dar tús an 01/04/2025 agus dar críoch an 01/09/2025).

<sup>15</sup> San Athbhreithniú ar Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais 2023, tá sé beartaithe deireadh a chur leis an tréimhse imscartha an 01/07/2024.

<sup>16</sup> San Athbhreithniú ar Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais 2023, tá sé beartaithe deireadh a chur leis an tréimhse imscartha le haghaidh phríomhfheidhmiúlachtaí an chórais an 01/12/2023 agus le haghaidh na bhfeidhmiúlachtaí atá fanta an 02/12/2024. Faoi 02/12/2024, ba cheart do na Ballstáit agus do na trádálaithe uile **Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthurais – Céim 5** a úsáid. Tá sé beartaithe deireadh a chur leis an aistriú an 21/01/2025.

i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais<sup>17</sup>. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach roinn 3.8 den doiciméad a ghabhann leis an tuarascáil seo.

- Maidir le cur chun feidhme **GUM – Comhpháirt 2**, chuir na Ballstáit seo a leanas dáta oibríochtaí pleanáilte in iúl, dáta atá níos déanaí ná an spriocdháta atá leagtha amach i gClár Oibre Chód Custaim an Aontais<sup>18</sup>: BE, DE, DK, GR, agus HR. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach roinn 4.1 den Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Tá an Coimisiún ag déanamh dlúth-anailíse agus dlúthfhaireacháin ar an gcás maidir leis na tionscadail thuas agus tá bearta á nglacadh aige chun a thacaíocht a mhéadú – féach Roinn 4.4 thíos.

Mar fhocal scoir, tá formhór na mBallstát ag díriú ar na **tionscadail náisiúnta** a imscaradh laistigh de na spriocdhátaí nua dá bhforáiltear sna maoluithe. Mar sin féin, thuairiscigh roinnt Ballstát moilleanna fós tar éis na spriocdhátaí maolaithe. Ina theannta sin, d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag na moilleanna sin ar sheachadadh chomhpháirteanna náisiúnta na gcóras tras-Eorpach leis an dáta cur chun feidhme in 2023, ós rud é go gcoimrítear iarracht bhreise i dtréimhse ama níos giorra. Maidir le seachadadh **chomhpháirteanna náisiúnta na gcóras tras-Eorpach**, thuairiscigh roinnt Ballstát moilleanna i dtionscadail áirithe.

#### 4.4 Bearta maolaithe

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag formhór na mBallstát i bhforbairt na gcóras tras-Eorpach agus bhí roinnt acu ag iarraidh a gcórais a imscaradh faoi dheireadh 2023 i gcomhréir leis na spriocdhátaí tosaigh agus na maoluithe a cuireadh ar fáil. Mar sin féin, tá moill ar chuid acu, agus iad ag cur a bpleananna imscartha ar aghaidh go dtí an deireadh nó tar éis na tréimhse imscartha. D'áitigh an Coimisiún go gcloífi go docht lena bPleananna Tionscadail Náisiúnta le haghaidh imscaradh tráthúil.

Leag **na Ballstáit** amach na gníomhaíochtaí maolaitheacha éagsúla arb é is aidhm dóibh aghaidh a thabhairt ar mhoilleanna (féideartha) agus comhlíonadh na spriocdhátaí dlíthiúla a áirithiú. Áirítear ar na gníomhaíochtaí sin acmhainní breise a leithdháileadh, modheolaíochtaí solúbtha a ghlacadh, na tionscadail a bhriseadh ina gcéimeanna agus caidrimh idir soláthróirí a atheagrú chun éifeachtúlacht a fheabhsú agus cur le comhar. Tá sé beartaithe ag Ballstáit eile cur le struchtúir eagraíochtúla, próisis a chuíchóiriú agus pleanáil a bheachtú chun bainistiú tionscadal agus cinnteoireacht a fheabhsú. Rinneadh tagairt do na bearta sin maidir le tionscadail náisiúnta agus thras-Eorpacha araon.

I bhfianaise na moilleanna ar thaobh na mBallstát, **tá an Coimisiún ag cur leis an tacaíocht a thugann sé do na Ballstáit trí roinnt gníomhaíochtaí a dhéanamh.**

Ar an gcéad dul síos, Tá an Coimisiún tar éis **cur le maoirseacht agus le faireachán ar chlár TF Chód Custaim an Aontais** trí mhinicíocht na dtuarascálacha ar dhul chun cinn a mhéadú agus trí chruinnithe déthaobhacha a eagrú ar leibhéal an Stiúrthóra le gach Ballstát. Tugadh aghaidh go seasta ar chur chun feidhme Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais i misin a rinne an tArd-Stiúrthóir agus i gcruinnithe iomlánacha le hArd-Stiúrthóirí na mBallstát (sa Ghrúpa um Beartas Custaim). Moladh do na Ballstáit bearta maolaitheacha a dhéanamh agus iarrataí ar chistiú a chur isteach faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil faoin 31 Deireadh Fómhair 2023 chun tacú le forbairtí TF custaim.

Lean an Coimisiún d'úsáid a bhaint as deais an Phlean Straitéisigh Ilbhliantúil — Custaim (MASP-C) bunaithe ar Athbhreithniú MASP-C 2019 agus ar Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais 2019 chun faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn agus ar phríomh-gharspriocanna an tionscadail agus chun moilleanna a shainaithint ag an tús. Cuirtear an deais i láthair ar bhonn ráithiúil do na Ballstáit in ECCG agus don phobal trádála i nGrúpa Teagmhála na Trádála. Thairis sin, déantar athbhreithniú ar Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais agus ar MASP-C i gcomhthráth i gcomhréir le cuspóirí straitéiseacha.

<sup>17</sup> San Athbhreithniú ar Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais 2023, tá sé beartaithe deireadh a chur leis an tréimhse imscartha le haghaidh phríomhfheidhmiúlachtaí an chórais an 01/12/2023, comhéadan comhchuibhithe a fhorbairt le EMCS don 13/02/2024, agus na feidhmiúlachtaí atá fanta don 02/12/2024. Faoin 02/12/2024, ba cheart do na Ballstáit agus do na trádálaithe uile córas AES a úsáid. Tá sé beartaithe deireadh a chur leis an aistriú an 11/02/2025.

<sup>18</sup> San Athbhreithniú ar Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais 2023, i gcás **GUM — Comhpháirt 1**, tá sé beartaithe go mbeidh an dáta imscartha an 11/03/2024 agus, i gcás **GUM — Comhpháirt 2**, tá tús na tréimhse imscartha le sainiú ag na Ballstáit, agus is é an 11/03/2024 an dáta imscartha is luaithe is féidir.

Ina theannta sin, mar a léirítear in Athbhreithniú 2019 ar Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais agus ar MASP-C, leagann an Coimisiún garspriocanna eatramhacha sonracha síos chun imscaradh rianúil na gcórais tras-Eorpach dílraithe a áirithiú agus chun costais bhreise a sheachaint.

*Ar an dara dul síos, threisigh an Coimisiún an cúnamh a thugann sé do na Ballstáit maidir le córais thras-Eorpacha* trí chur chuige sofhreagrúil agus atriallach a ghlacadh chun córais leictreonacha Chód Custaim an Aontais a fhorbairt agus a imscaradh. Leis an modh sin, lena n-áirítear fréamhshamhaltú, réiteach tapa ar shaincheistanna agus ualach oibre cothrom don Choimisiún agus do na Ballstáit araon, cuirtear le cáilíocht an chórais agus éascaítear dul chun cinn inbhraite. Cuireadh an cur chuige sin chun feidhme go rathúil i dtionscadail AES, *Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthuais – Céim 5* agus ICS2 agus ghlac na Ballstáit agus trádálaithe go maith leis.

Thairis sin, bhunaigh an Coimisiún sásra comhoibríoch i measc páirtithe leasmhara ó thús na dtionscadal chun cur le gníomhaíochtaí ullmhúcháin, deacrachtaí cinnteoireachta a chosc agus trédhearcacht a áirithiú tríd an eolas is déanaí a thabhairt ar thionscadail.

Lean an Coimisiún de chlár chomhordúcháin agus faireacháin a dhéanamh do gach ceann de na córais thras-Eorpacha a éilíonn obair shuntasach ar thaobh na mBallstát.

Cuireadh tuilleadh sonraí maidir leis na bearta sin ar fáil i dtuarascáil 2022 roimhe seo.

- **Maidir leis an gcóras tras-Eorpach ICS2**, thug an Coimisiún tacaíocht do na Ballstáit agus d'Oibreoirí Eacnamaíocha ina ngníomhaíochtaí forbartha le haghaidh ICS2 — *Eisiúint 2* agus ICS2 — *Eisiúint 3* ar bhealaí éagsúla. Áiríodh leis sin seimineáir ghréasáin thiomnaithe a eagrú, cúnamh a thairiscint trí cheistanna coitianta agus cruinnithe iomlánacha a chomhordú. Cuireadh treoir bhreise ar fáil chun cosc a chur ar shuaitheadh ag teorainneacha seachtracha de dheasca moilleanna in ICS2 — *Eisiúint 2* (roinn 4.3). Áirithíodh le dlúthfhaireachán go ndearnadh pleananna tionscadail a ailíniú le garspriocanna seachadta TF an Choimisiúin. Ar deireadh, cuireadh feachtais chumarsáide, seisiúin oiliúna ar líne agus bileoga eolais saincheaptha ar fáil in éineacht le doiciméadacht a bhí ar fáil i leabharlann phoiblí CIRCABC.
- **Maidir leis na córais thras-Eorpacha i ndáil le Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthuais — Céim 5 agus AES**, lean an Coimisiún leis an 'gClár Náisiúnta Comhordúcháin Riaracháin' chun tacú leis na Ballstáit a gcomhpháirteanna náisiúnta a fhorbairt agus a imscaradh. In 2023, leathnaíodh an Clár Comhordúcháin chun maoirseacht a dhéanamh ar theacht i bhfeidhm trádálaithe, i gcomhar leis na Ballstáit:  
Áirítear leis na gníomhaíochtaí deasc chabhrach thiomnaithe, cruinnithe fóirúla chun maolú a dhéanamh ar mhoilleanna forbartha na mBallstát, faisnéis atá cothrom le dáta a scaipeadh chuig an bpobal trádála agus tuairisciú rialta chuig ECCG agus CPG. Ó R1 de 2021, d'eisigh an Coimisiún tuarascálacha comhdhlúite ráithiúla ar dhul chun cinn maidir leis an aistriú chuig na córais nua, lena soláthraítear príomhtháscairí feidhmíochta chun foláirimh a bhrath go luath.
- **Maidir leis an gcóras tras-Eorpach CCI**, bhunaigh an Coimisiún foireann thiomnaithe chun aghaidh a thabhairt ar cheistanna na mBallstát agus chun Tástáil Chomhréireachta a chomhordú.

*Ar an tríú dul síos*, lorg an Coimisiún ionchur ó na Ballstáit maidir lena srianta agus maidir leis an tacaíocht is gá chun na rioscaí a mhaolú. Chuir na Ballstáit in iúl trí **shuirbhé** go raibh na cruinnithe déthaobhacha ar leibhéal stiúthóra agus an t-idirphlé teicniúil le AS TAXUD an-tairbheach. Rinne siad measúnú ar sheimineáir ghréasáin theicniúla agus ar ghníomhaíochtaí comhroinnte faisnéise a chuir an Coimisiún ar fáil mar ghníomhaíochtaí úsáideacha. Mhol roinnt acu treoirlinnte oibríochtúla breise, cúnamh d'Oibreoirí Eacnamaíocha, agus oiliúint chuimsitheach a bhí níos fearr ná an cumas atá acu faoi láthair.

*Ar an gceathrú dul síos*, bunaithe ar thoradh an tsuirbhé agus ar phlé déthaobhach leis na Ballstáit, is minic a léiríodh an easpa maoinithe iomchuí mar chúis le moilleanna. Chuige sin, tá tionscadal **suaitheanta tiomnaithe TSI 2024** bunaithe ag an gCoimisiún faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil (TSI) chun custaim agus cáin a dhigitiú lena ndírítear ar chur chun feidhme TF Chód Custaim an Aontais. Mar thoradh air sin, tá sé Bhallstát tar éis tograí a chur isteach chun tacú le córais TF chustaim.

Tá na measúnuithe ar na tograí ar siúl faoi láthair agus tabharfar chun críche iad ag tús 2024 ionas go mbeidh an tacaíocht i bhfeidhm in R2 de 2024.

Ar an gcúigiú dul síos, chun aghaidh a thabhairt ar na riachtanais shonracha atá ag na Ballstáit agus tionscadail TF custaim Chód Custaim an Aontais á mbainistiú acu ó lá go lá, tá **conradh bunaithe ag an gCoimisiún le cuideachta comhairliúcháin** chun tacaíocht dhíreach a chur ar fáil ag brath ar riachtanais agus ar shaincheistanna chun aghaidh a thabhairt ar mhoilleanna. Cuireadh tús leis an gcéad conradh píolótach, lena gcuimhdeáítear 3 Bhallstát (FR, MT, GR) i R4 2023 agus beidh an conradh sin ar siúl go dtí R2 2024. D'fhéadfaí gníomhaíochtaí breise a sheoladh in 2024 ag brath ar thoradh an chonartha sin.

Ar deireadh, thionscain an Coimisiún cleachtadh freisin chun ceachtanna a foghlaimíodh agus dea-chleachtais a bhailiú chun tionscadail TF a fhorbairt. Rinneadh suirbhé in 2023 agus cuireadh na torthaí leis an Doiciméad Inmheánach Oibre. Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach leathanach 6 den doiciméad a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Ós rud é go bhfuilimid ag díriú i dtreo dheireadh 2025, iarradh ar na Ballstáit na spriocdhátaí i gClár Oibre nua Chód Custaim an Aontais a choimirciú. Níl ach dhá bhliain eile fanta chun TF Chód Custaim an Aontais a chur chun feidhme ina iomláine. **Tá gá le hiarrachtaí eisceachtúla agus gníomhaíocht láithreach** chun moilleanna a sheachaint agus chun a leanúnachas gnó a áirithiú le haghaidh na gcóras tras-Eorpach.

Cé go dtacaíonn an Coimisiún ar go leor bealaí mar a léirítear thuas, amhail trí dhátaí a choigeartú i gClár Oibre nua Chód Custaim an Aontais agus trí spriocdhátaí indéanta a chumasú, is ar na Ballstáit atá an fhreagracht comhpháirteanna agus córais náisiúnta a fhorbairt agus a imscaradh. Rinneadh comhroinnt róil a shainiú agus a chomhaontú leis na páirtithe leasmhara uile ón tús agus ba cheart urraim a thabhairt don chomhroinnt sin ar feadh shaolré an tionscadail.

#### **4.5 Staid na himeartha maidir le tíortha is iarrthóirí nó tíortha is iarrthóirí ionchasacha**

Ar deireadh, san aistriú i dtreo na gcóras leictreonach uasghrádaithe atá beartaithe ag Cód Custaim an Aontais agus i bhfianaise na gcur chuige nua TF a bunaíodh leis an togra le haghaidh athchóirithe, beidh gá le Méadú an Aontais amach anseo a chur san áireamh sa scéal.

Faoi láthair, ní dhéanann an Coimisiún faireachán córasach ar an dul chun cinn i dtreo córais leictreonacha iomlána na dtíortha is iarrthóirí agus ní fhorchuirtear aon oibleagáid tuairiscithe orthu faoi Airteagal 278ú de Chód Custaim an Aontais. Mar sin féin, tá forbairt a gcóras TF a thacaíonn lena n-aillíniú le reachtaíocht chustaim an Aontais ina príomhghné de na measúnuithe rialta a dhéanann an tAontas lena dtomhaistear dul chun cinn na dtíortha is iarrthóirí ar chonair an mhéadaithe agus faoi na Comhaontuithe Comhlachais leis an Aontas.

Tá dhá chóras TF ann atá á gcur i bhfeidhm cheana féin ag roinnt de na tíortha sin agus tá tíortha eile ag ullmhú chuige sin:

- (1) Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthurais mar an córas tacaíochta TF chun forálacha an Choinbhinsiúin maidir le Nós Imeachta Comhchoiteann um Earraí faoi Bhealach a chur chun feidhme
- (2) Córais TF ghaolmhara le haghaidh aitheantas frithpháirteach le clár Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe an Aontais.

Tá an staid mar atá maidir le hullmhacht na dtíortha is iarrthóirí i ndáil leis an dá chóras TF sin éagsúil ó cheann go chéile: Tá an Mhacadóin Thuaidh, an tSeirbia, an Tuirc agus an Úcráin ina bpáirtithe conarthacha cheana féin den Choinbhinsiún maidir le Nós Imeachta Comhchoiteann um Earraí faoi Bhealach agus, dá bhrí sin, tá úsáid iomlán á baint acu as Córas Nua Ríomhchuidithe Idirthurais ag céimeanna éagsúla. Is í an Mholdóiv amháin atá tar éis aitheantas frithpháirteach Oibreoirí Eacnamaíocha Údaraithe a fhorbairt leis an Aontas Eorpach, cé go bhfuil an Úcráin, an tSeoirsia agus an Tuirc ag ullmhú chun é sin a dhéanamh agus, dá bhrí sin, ag forbairt a gcóras TF náisiúnta chuige sin.

Beidh ar na tíortha is iarrthóirí nascadh de réir a chéile le córais Chód Custaim an Aontais nó iad a chur i bhfeidhm ar an mbealach i dtreo dul isteach i gcríoch chustaim an Aontais, agus ag brath ar an dáta aontachais atá beartaithe, d'fhéadfadh sé go mbeadh orthu feidhmiúlachtaí an mhoil sonraí custaim a bheidh ann amach anseo a chomhlíonadh, ar feidhmeanna iad a mholtar sa phacáiste um Athchóiriú Custaim an 17 Bealtaine 2023 agus a bheith páirteach sa tionscadal cuimsitheach seo.

Amach anseo, faoi chuimsiú ullmhúcháin na dtíortha is iarrthóirí i dtreo an mhéadaithe, beidh gá, ar bhonn rialta, le tuairisciú uathu, le tástáil chomhréireachta chun idir-inoibritheacht a áirithiú idir a gcórais náisiúnta agus córais na mBallstát agus an Choimisiúin nó an mhoil sonraí, agus le measúnú arna dhéanamh ag an Aontas ar a bhfeidhmíocht.

## **5. ACHOIMRE AR BHAINISTÍOCHT AGUS CONCLÚIDÍ**

Is comhthionscadal é cur chun feidhme TF Chód Custaim an Aontais a bhfuil comh-spéis ann. Tá na páirtithe leasmhara uile tiomanta go láidir dó ón tús in 2014, nuair a glacadh an chéad cheann de Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais.

I gcomhthéacs dhréachtú na tuarascála seo, rinne an Coimisiún measúnú cúramach ar na sonraí a chuir na páirtithe leasmhara ar fáil sa chéad leath de 2023. Léirigh sé léargas measctha ar an dul chun cinn atá déanta i gcur chun feidhme TF Chód Custaim an Aontais: cé go bhfuil an Coimisiún ar an mbóthar ceart lena chuid gníomhaíochtaí uile, níl an dul chun cinn foriomlán chomh dearfach sin ar thaobh na mBallstát agus bhí an difríocht idir na Ballstáit níos soiléire ná mar a bhí sa bhliain 2022.

Dul chun cinn agus éifeacht moilleanna na mBallstát

Bhí éifeachtaí iarmhartacha soiléire ag na moilleanna sna córais náisiúnta ar sheachadadh na gcomhpháirteanna náisiúnta le haghaidh na gcóras tras-Eorpach, rud a d'imreodh tionchar díreach ar Bhallstáit eile agus ar Oibreoirí Eacnamaíocha. Tá cuid de na moilleanna sin ag cur na spriocdhátaí i mbaol, spriocdhátaí a leagtar síos i reachtaíocht Chód Custaim an Aontais agus, dá bhrí sin, d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith mar thoradh orthu: (a) cásanna sáraithe agus (b) tearc-sheachadadh uathoibriú iomlán na nósanna imeachta agus an éascaithe custaim agus, dá réir sin, na buntáistí a mheastar a bheidh ann don earnáil phríobháideach agus do na Ballstáit eile a ndearnadh difear dóibh, agus iad araon tar éis infheistíochtaí ollmhóra a dhéanamh chun na spriocdhátaí a chomhlíonadh.


Chuipe sin, breithníodh na saincheistanna sin i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais agus comhaontaíodh cur chuige nua i gClár Oibre nua Chód Custaim an Aontais, lena dtugtar tús áite do na príomhphróisis agus lena dtugtar níos mó ama chun cur chun feidhme iomlán an tionscadail agus an t-aistriú casta a thabhairt chun críche leis na hoibreoirí eacnamaíocha uile, a bhí tar éis aird a tharraingt freisin i nGrúpa Teagmhála na Trádála ar na moilleanna a raibh orthu dul i ngleic leo.

Cé nach bhfuil formhór ghníomhaíochtaí tionscadail an Choimisiúin ag brath ar dhul chun cinn náisiúnta, bíonn dlúthchomhar idir an Coimisiún agus na Ballstáit ag teastáil ó chineálacha áirithe gníomhaíochtaí, amhail an Tástáil Chomhréireachta ar chomhpháirt náisiúnta córais tras-Eorpaigh. Mar gheall ar an tionchar comhthaobhachta sin, is féidir a thabhairt faoi deara go mbíonn tionchar ag moilleanna ar chur chun feidhme comhpháirteanna náisiúnta ag Ballstáit shonracha ar an méid iomlán a baineadh amach maidir le seachadadh na dtionscadal tras-Eorpach agus le seachadadh Chód Custaim an Aontais ina iomláine.

I gcomhréir le hAirteagal 6(4) de Chód Custaim an Aontais, ní fhéadfar maoluithe ar Bhallstáit áirithe a dheonú ach amháin mura ndéanann siad difear don mhalartú faisnéise idir an Ballstát chuig a ndírítear sin agus do Bhallstáit eile ná do mhalartú agus stóráil faisnéise i mBallstáit eile chun an reachtaíocht chustaim a fheidhmiú. Bíonn Ballstáit áirithe deireanach ag imscaradh cuid de na córais is gá agus bíonn tionchar diúltach aige sin ar chothrom na Féinne i gcás oibreoirí ar fud an Aontais ós rud é go bhfuil sé i gceist leis na córais sin na saoráidí céanna a thairiscint d'oibreoirí eacnamaíocha i ngach Ballstát. Ina theannta sin, mar gheall ar chineál na gcóras éagsúil, bíonn iarmhairtí ag na hathruithe is gá chun ceanglais Chód Custaim an Aontais a ailíniú ar chórais TF eile ghaolmhara nó spleacha agus tá tábhacht ag roinnt acu maidir le hioncam a chosaint agus maidir leis an gcomhrac i gcoinne trádáil éagothrom agus neamhdhleathach.

Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na hiarrataí ar mhaolú ó na Ballstáit agus rinne sé measúnú ar na moilleanna sna córais thras-Eorpacha. Mar thoradh air sin, rinneadh cúig chinneadh maidir le maolú agus rinneadh athbhreithniú ar Chlár Oibre Chód Custaim an Aontais le linn 2023. Ag an am céanna, chuir an Coimisiún tús leis an athbhreithniú ar MASP-C. Déantar foráil le formhuiniú MASP-C 2023 nua ag na hArd-Stiúrthóirí sa Ghrúpa um Beartas Custaim agus le glacadh Chlár Oibre nua Chód Custaim an Aontais ag an gCoimisiún an 15 Nollaig 2023 do chreat dlíthiúil agus oibríochtúil athbhreithnithe agus do bhonnlíne nua chun an dul chun cinn le haghaidh na dtionscadal atá ar siúl faoi láthair a thomhas.

Is é Clár Oibre nua Chód Custaim an Aontais an ionstraim chun na Ballstáit a stiúradh i dtreo chur chun feidhme comhchoiteann agus indéanta na dtionscadal atá ar feitheamh, rud a thabharfaidh níos mó solúbthachta chun na spriocdhátaí deiridh a chomhlíonadh ach mar sin féin an brú is gá a choinneáil chun Clár Oibre Chód Custaim an Aontais a chur chun feidhme ina iomláine faoin 31 Nollaig 2025. Mar a léirítear anseo feasta i ndath glas, beidh an dul chun cinn maidir leis an gcur chun feidhme fós ar bun go dtí 2025.



Fíor 4 — Forléargas ar Phleanáil

Chun achoimre a dhéanamh ar dhul chun cinn na mBallstát, is féidir a thabhairt faoi deara go meastar **go gcomhlíonfaidh thart ar 71 % de na Ballstáit ar deonaíodh maolú dóibh** le haghaidh na gcóras náisiúnta maidir le hiontráil/nó le hallmhairiú agus ICS2 Eisiúint 2 spriocdháta an 31 Nollaig 2023. Ba cheart a thabhairt faoi deara go mbaineann an t-imscaradh atá ar feitheamh le Stóráil Shealadach agus leis an uasghrádú ar an gCóras Allmhairiúcháin Náisiúnta den chuid is mó. Ní hamháin go bhfuil tionchar ag na moilleanna sin ar thionscadail thras-Eorpacha amhail Imreiteach Láraithe Allmhairiúcháin ach cuireann siad síneadh leis an idirthréimhse d'oibreoirí eacnamaíocha, rud a chuireann bac ar phróiseáil, ar chomhchuihiú sonraí.

Cuireann moilleanna ar an gCóras Allmhairiúcháin Náisiúnta bac freisin ar shonraí a chur faoi bhráid chóras Fhaireachas 3. I bhfianaise an róil rithábhachtaigh atá aige maidir le faireachán a dhéanamh ar idirbhearta agus ar shreafaí trádála, is é an toradh a bhí air sin éifeachtaí díobhálacha in earnálacha ar leith, amhail an margadh talmhaíochta. Ina theannta sin, tá sé rithábhachtach an Córas Allmhairiúcháin Náisiúnta a bheith i bhfeidhm chun cur chun feidhme aonfhoirmeach Chomhtharaif Chustaim an Aontais

a áirithiú. Ciallaíonn sé sin tacú le measúnú riosca na mBallstát i ndáil le reachtaíocht chustaim agus aonfhoirmeacht rialuithe custaim a bheith acu, tabhairt faoi sheachaint na mbeart agus na smachtbhannaí, an tAontas a chosaint ar thrádáil éagórach agus neamhdhleathach (lena n-áirítear na ceanglais a bhaineann leis an Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha).

Nuair a bhreathnaímid ar an léargas iomlán i gcoinne Chlár Oibre nua Chód Custaim an Aontais, aithnímid trí chatagóir le haghaidh na forbartha amach anseo:

**Tá sé fógartha ag thart ar 60 % de na Ballstáit go mbeidh siad in ann a gcórais ar fad a imscaradh laistigh de na spriocdhátaí tionscadail** atá beartaithe i gClár Oibre nua Chód Custaim an Aontais don dá bhliain atá le teacht. Chomhlíon siad a ngealltanais agus i gcás moill theoranta a bheith ann maidir le líon beag córas, is cosúil go bhfuil na huirlisí bainistíochta iomchuí i bhfeidhm acu chun nascleanúint éifeachtach a dhéanamh maidir le céimeanna ar gcúl a d'fhéadfadh a bheith ann. Tá riosca íseal ag baint le spriocdháta 2025.

**Tá sé curtha in iúl ag thart ar 25-30 % de na Ballstáit go bhfuil a gcásanna ag dul in olcas ó 2022 i leith.** Is cosúil go bhfuil tuilleadh moilleanna ag teacht chun cinn. Le Clár Oibre athbhreithnithe Chód Custaim an Aontais, tá níos mó roghanna ann dóibh chun an méid neamhchomhlíonta leis na spriocdhátaí a laghdú, ach mura bhfuil siad páirteach i ngníomhaíochtaí maolaitheacha láidre, tá an baol ann nach gcomhlíonfaidh siad spriocdhátaí an tionscadail le haghaidh córas amháin nó níos mó. Tá meánriosca ag baint le spriocdháta 2025.

**Tá moilleanna tromchúiseacha ag thart ar 10-15 % de na Ballstáit i gcás fhormhór na gcóras atá fanta.** Tá na Ballstáit sin ag streachailt lena gcuid moilleanna a sháru agus is dócha go gcaillfidh siad roinnt spriocdhátaí don tionscadal, gan beann ar na hidirghabhálacha a chuirtear ar fáil. Is é is cúis leis sin dúshlán soláthair, gan aon bhainistíocht sholúbtha a dhéanamh ar thionscadail, easpa pleanáil chobhsaí agus iontaofa chun seachadadh a dhéanamh agus go bhfuil fadhbanna struchtúracha fós ann sna riaracháin atá ag cur isteach ar bheagnach gach tionscadal de chuid Chód Custaim an Aontais. Fiú le Clár Oibre nua Chód Custaim an Aontais, tá dúshlán mór fós ann chun cur chun feidhme iomlán TF Chód Custaim an Aontais a bhaint amach. Tá ardriosca ag baint le spriocdháta 2025.

Tá na páirtithe leasmhara uile lena n-iarachtaí agus a n-infheistíochtaí a dhíriú ar na hamlínte dlíthiúla a leagtar amach i gClár Oibre nua Chód Custaim an Aontais. Leanfar le dlúthfhaireachán a dhéanamh ar an gCoimisiún ar leibhéal an chláir agus ar leibhéal na dtionscadal as seo go ceann dhá bhliain agus tabharfar tacaíocht dó le cruinnithe déthaobhacha agus cruinnithe iomlánacha leis na Ballstáit. I gcás roinnt Ballstát, d'fhéadfadh sé go mbeadh tionchar éigin ag an gconradh comhairliúcháin a seoladh le déanaí chun tacú le cur chun feidhme TF Chód Custaim an Aontais atá ag na Ballstáit maidir leis an bpróiseas a éascú, nó d'fhéadfadh sé cuidiú i bpáirt le moilleanna a laghdú. D'fhéadfadh na Ballstáit tairbhe a bhaint freisin as an tacaíocht a chuirtear ar fáil faoin Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil 2024, do na tionscadail fhormheasta ar a laghad. Tá an Coimisiún ag bogadh ar aghaidh le roinnt Ballstát ar an dá bhealach.

Sa chomhthéacs sin maidir le moilleanna carntha ar chur chun feidhme Chód Custaim an Aontais ag na Ballstáit, tá sé tábhachtach go bhféachfadh an Coimisiún freisin ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as ionstraimí eile atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar na himpleachtaí do na Ballstáit atá go mór chun deiridh ar a n-amlínte imscartha.